# CLUASTUISCINT (CÚRSAÍ SLÁINTE)



1. Éist le Siobhán ag caint faoina tuismitheoirí agus abair an bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach. Tá an traic ar fáil anseo: https://snas.ie/acmhainni-teg/teg-b1/an-duine
Cloisfidh tú gach mír faoi dhó.


| Fuair a máthair stróc dhá bhliain ó shin. | |
|---|---|
| Fíor | |
| Bréagach | |
| Ní deirtear | |
| Tá sí ina cónaí le Siobhán. | |
| Fíor | |
| Bréagach | |
| Ní deirtear | |
| Tá sí neamhspleách go leor. | |
| Fíor | |
| Bréagach | |
| Ní deirtear | |
| Tá fadhbanna croí ag a hathair anois. | |
| Fíor | |
| Bréagach | |
| Ní deirtear | |



2. Éist le ceathrar cainteoirí ag caint faoi thimpistí agus drochshláinte a bhain dóibh. I ngach cás, faigh amach cad a tharla dóibh agus cén toradh a bhí air.

| Cainteoir | Cad a tharla? | Cén toradh a bhí air? |
|---|---|---|
| Melanie | | |
| Séamas | | |
| Clive | | |
| Mary | | |

3. Tá tú san ospidéal. Cuireann cara leat téacs chugat ag cur do thuairisce. Scríobh freagra gearr ag cur in iúl do do chara cén fáth a bhfuil tú san ospidéal, conas a mhothaíonn tú agus cathain a bheidh tú ag teacht abhaile.




© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# CLUASTUISCINT (TRÉITHE DAOINE)

1. **Stór focal:** Cad is brí leis na haidiachtaí seo thíos a chuireann síos ar dhaoine? Bí ag obair leis an duine i do ghrúpa le míniú a thabhairt ar na focail seo. Bain úsáid as www.teanglann.ie más maith leat!

| | | | |
|---|---|---|---|
| faiteach | ________________ | ciúin | ________________ |
| cúthaileach | ________________ | éirimiúil | ________________ |
| féinmhuiníneach | ________________ | foighneach | ________________ |
| leithleasach | ________________ | réchúiseach | ________________ |
| fial | ________________ | ardnósach | ________________ |
| dílis | ________________ | lách | ________________ |
| cantalach | ________________ | greannmhar | ________________ |
| leisciúil | ________________ | ionraic | ________________ |

2. **Cluastuiscint:** Éist le hAoife anseo ag cur síos ar dhaoine éagsúla ina saol. Breac síos na tréithe a luann sí leo. Tá an traic ar fáil anseo: https://snas.ie/acmhainni-teg/teg-b1/an-duine Cloisfidh tú gach mír faoi dhó.

| | |
|---|---|
| Áine | Seán |
| Clíodhna | Yvonne |

3. Bí ag caint leis an duine in aice leat.

Déan cur síos gearr ar do phearsantacht féin, mar shampla:

*Is duine leisciúil mé. Ní maith liom spórt ná dul amach faoin aer. Is duine flaithiúil mé. Is maith liom bronntanais a cheannach do dhaoine agus béile a dhéanamh do chairde.*

Déan cur síos gearr ar na cineálacha daoine a thaitníonn leat féin, mar shampla:

*Is maith liom daoine atá cainteach, ní maith liom daoine atá leisciúil.*

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

| San aonad seo, d'fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# AN SCRIPT

## Cluastuiscint (Cúrsaí Sláinte) (00:00 – 05:28)

### 1. Siobhán (00:00 – 01:21)

Fuair mo mháthair stróc dhá bhliain ó shin. Ní bhraitheann sí rómhaith ó shin, i ndáiríre. Tá aois mhór aici, tá sí cúig bliana is ochtó. Tá sí ina cónaí léi féin, ach ar a laghad tá a teach béal dorais liom. Is féidir linn súil mhaith a choinneáil uirthi, mar sin. Is féidir léi gach rud a dhéanamh di féin den chuid is mó, ach anois is arís cuireann an t-airtríteas isteach uirthi agus fanann duine ón teaghlach léi ansin. Bíonn sé deacair go leor in amanna. Fuair m'athair bás bliain ó shin, bhuail taom croí é. Mothaíonn muid ar fad uainn é.

### 2. (01:21 – 05:28)

### Melanie (01:21 – 02:23)

Bhíos ag ullmhú an dinnéir an oíche eile agus thit pota a bhí lán d'uisce beirithe anuas ón sorn ar mo chos. Ó bhí an phian go hainnis. Bhéic mé amach ó bharr mo chinn. Chuala m'fhear céile mé agus rith sé isteach chugam. Chuireamar uisce fuar ar mo chos ach bhí sé chomh pianmhar sin go raibh orm dul go dtí an t-ospidéal. Beidh na maidí croise seo agam go ceann sé seachtaine nó mar sin.

### Séamas (02:24 – 03:17)

An mhaidin eile agus mé ag tiomáint chun na hoibre, d'imigh mo charr go huile agus go hiomlán as smacht orm. Níor thuig mé céard a bhí ag tarlú, níor thuig mé ar chor ar bith go raibh leac oighir ar na bóithre. Shleamhnaigh an carr ar fud na háite. Cé gur baineadh geit uafásach asam níor gortaíodh mé ar chor ar bith, buíochas le mac Dé.

### Clive (03:18 – 04:28)

Tá drochdhóigh ar mo mháthair, bhí taom croí aici an tseachtain seo caite. Duine an-aclaí atá inti, bhí sí díreach tar éis teacht abhaile ó laethanta saoire i Nua Eabhrac nuair a tharla sé. Tá sí seachtó bliain d'aois ach ní raibh sí tinn riamh ina saol, ach amháin má bhí fliú nó slaghdán uirthi anois is arís. Tá sí san ospidéal go fóill, níl a fhios againn cén uair a scaoilfear amach í. Caithfidh sí aire níos fearr a thabhairt di féin amach anseo. Tá mé cinnte faoi sin.

### Mary (04:29 – 05:28)

Leon mé mo mhurnán cúpla bliain ó shin agus bíonn fadhbanna agam leis go fóill. Bean mhór spóirt mé ach caithfidh mé a rá má bhím ag rith rófhada cuireann mo mhurnán isteach orm. Chomh maith leis sin, nuair a bhíonn an aimsir fliuch, rud a tharlaíonn anseo in Éirinn, tagann pian ar ais ann. Níl a fhios agam cad é is féidir liom a dhéanamh.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## Cluastuiscint (Tréithe Daoine) (05:29 – 08:33)

### Áine (05:29 – 06:07)

Tá Áine sa bhliain chéanna liom. Tá craic mhaith inti. Is duine an-chliste agus greannmhar í. Cuireann sí a lán suime i ngach rud. Is breá liom am a chaitheamh léi. Tá sí an-fhéinmhuiníneach!

### Seán (06:08 – 07:00)

Bím ag obair le Seán gach Satharn. Is duine an-chiúin é. Is dócha go bhfuil sé faiteach ach sílim féin gur duine sách ardnósach é! Tá sé leithleach/leithleasach chomh maith, bíonn sé breá compordach ligean domsa an obair ar fad a dhéanamh a fhad is atá sé féin ag scimeáil ar an idirlíon. Cuireann sé sin isteach go mór orm.

### Clíona (07:01 – 07:46)

Is í Clíona an cara is fearr atá agam. Mar chara tá sí chomh fial agus chomh dílis. Tá sí chomh réchúiseach, go háirithe liomsa, mar is féidir liom a bheith cantalach go leor go minic, agus bíonn sí i gcónaí foighneach liom.

### Yvonne (07:47 – 08:33)

Is duine an-lách í Yvonne, tá sí chomh cineálta sin. Dhéanfadh sí aon ní duit. Cé gur duine ciallmhar í tá craic mhaith inti agus tá muid an-mhór le chéile. An t-aon rud faoi Yvonne ná go bhfuil sí leisciúil go leor agus cuireann sé sin isteach orm.

# FREAGRAÍ

## CLUASTUISCINT (CÚRSAÍ SLÁINTE)

1. Fíor, bréagach, fíor, bréagach

2.

| Cainteoir | Cad a tharla? | Cén toradh a bhí air? |
|---|---|---|
| Melanie | Dhóigh sí í féin le huisce te. | Chuaigh sí go dtí an t-ospidéal agus tá sí ar mhaidí croise anois. |
| Séamas | Bhí timpiste bóthair aige. | Baineadh geit uafásach as ach níor gortaíodh é. |
| Clive | Bhí taom croí ag a mháthair. | Tá sí san ospidéal agus ní fios cathain a bheidh sí ag teacht abhaile. |
| Mary | Ghortaigh sí a murnán (rúitín). | Ní féidir léi spórt a imirt. Cuireann an drochaimsir isteach air. |

## CLUASTUISCINT (TRÉITHE DAOINE)

Féach an script.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad